V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10507 – HITACHI RAIL / GROUND TRANSPORTATION SYSTEMS BUSINESS OF THALES)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 391/04)

1. An 4 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hitachi Rail, Ltd. ("Hitachi Rail", an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Hitachi, Ltd. (an tSeapáin),

— Gnó Córas Iompair ar Talamh Thales S.A. ("Thales GTS", an Fhrainc).

Gheobhaidh Hitachi Rail rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Thales GTS ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí réiteach iompair atá gníomhach ar fud an domhain é Hitachi Rail, réitigh iompair lena n-áirítear rothstoc, córais chomharthaíochta, réitigh lándéanta, seirbhísí cothabhála agus comhpháirteanna,

— Is soláthraí córas um chomharthaíocht iarnróid agus um rialú traenacha, córas teileachumarsáide agus maoirseachta agus réiteach bailithe táillí atá gníomhach ar fud an domhain é Thales GTS.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10507 – Hitachi Rail / Thales GTS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË